# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007**

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

### RÉIMSE STAIDÉIR: AN LUATHAOIS, 1492 – 1815

**Scrúdú scríofa: 400 marc**
**Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

**DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH, TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50**

***Treoracha d'iarrthóirí:***

Tabhair faoi Roinn 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 2)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 2*

**Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558 – 1603**

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Tiarnas Thír Eoghain***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) Faoi mar atá ráite i ndoiciméad A, cad iad na deacrachtaí a bhain le feachtais sa gheimhreadh in Éirinn?
   (b) Faoi mar atá ráite i ndoiciméad B, cén fáth ar fhág Sidney Tír Eoghain, agus cad iad na torthaí a bhí air sin?
   (c) Faoi mar atá ráite i ndoiciméad B, cén fáth ar cheap Sidney go mbuafadh Seán ar gach aon duine an bhliain ina dhiaidh sin?
   (20)

2. (a) Cén chaoi a mbréagnaíonn doiciméad B an cuntas a thugann Sidney i ndoiciméad A maidir lena fheachtas in aghaidh Sheáin?
   (b) Cad iad na dearcthaí contrártha ar phearsantacht Sheáin Uí Néill a thugtar sna doiciméid A agus B?
   (20)

3. (a) Ainmnigh láidreacht amháin agus laigeacht amháin a bhaineann le doiciméad A mar fhoinse phríomha.
   (b) Maidir le doiciméad B, an féidir leat ceann amháin díobh seo a thabhairt faoi deara: claontacht; oibiachtúlacht; iontaofacht? Mínigh do fhreagra.
   (20)

4. Cén fáth ar theip ar deireadh thiar ar an dúshlán a thug Seán Ó Néill faoi chumhacht an Rí in Éirinn? (40)

**- Doiciméad A -**

**Sliocht, agus é curtha in eagar, as cuntas Sir Henry Sidney ar a fheachtas, mar Fhear Ionaid, in aghaidh Sheáin Uí Néill sa bhliain 1566. Scríobhadh é i ngeimhreadh na bliana 1582-83.**

I rith shaoire na Nollag, thug mé cuairt air i gceartlár a thíre agus theith sé uaim. Rinne mé a Nollaig sin níos giorra agus chuir mé fad le mo cheann féin le mórchuid a stóir (bia agus deoch).

Ba é sin an t-ochtú nó an naoú ruathar a thug mé faoi, is dóigh liom, agus champáil mé uaireanta dhá oíche, nó b'fhéidir a trí nó a ceathair d'oícheanta, ar a chuid tailte.

Agus cad iad mar dhálaí maireachtála a bhíonn ann an tráth sin den bhliain le hocras, saothar marfach agus oícheanta fuara i gcábáin déanta as géaga clúdaithe le féar. Ar an gcaoi sin tharraing mé síos go mór é.

Ach anois tá Iarla Urumhan tar éis gearán a dhéanamh i mo choinne. Scríobh a Mórgacht go minic agus go dúthrachtach chugam, sa chaoi go raibh orm mo chuid gníomhaíochtaí sa tuaisceart i gcoinne Uí Néill a fhágáil, rud a chuir lena shaol agus lena chuid cogaí agus a chuir go mór le costais na Banríona.

(Foinse: Sir Henry Sidney, *Memoir of service in Ireland*. (in eagar ag Ciarán Brady, 2002).

**- Doiciméad B -**

**Staraí sa lá atá inniu ann ag scríobh:**

Thug Sidney fogha nach raibh súil leis faoi Thír Eoghain i lár an gheimhridh. Ina chuimhní cinn, a scríobhadh timpeall fiche bliain ina dhiaidh sin, rinne sé scéal mór den éacht seo. Thug sé le tuiscint gurbh é an chéad duine é a thug faoi fheachtas dá leithéid sa gheimhreadh (bhí St Leger tar éis ruathar i bhfad níos fearr a thabhairt faoi Chonn Bacach i 1540-41), agus bhí sé ag maíomh go ndeachaigh sé an-ghar do Sheán a ghabháil le linn a chuidsean féastaí Nollag.

Ní mar sin áfach a thug Sidney cuntas ar na himeachtaí ag an am. An uair sin bhí sé ag impí go nglaofaí ar ais go Sasana é agus ag cur lena raibh ráite roimhe sin aige, sé sin mura gcuirfí tacaíocht mhíleata ollmhór ar fáil, go mbuafadh Seán ar gach aon duine an bhliain ina dhiaidh sin.

Bhí bunús maith aige le tuairim dá leithéid. Fad a bhí Sidney as láthair san iarthar, i ndeireadh na bliana 1566, bhí Seán tar éis cur lena chuid ruathar ar an bPáil chomh maith le bheith ag bagairt ar bhallaí Dhroichead Átha. Léirigh sé chomh buartha agus a bhí sé faoin ruathar Nollag a rinne Sidney gan choinne, mar chuir sé litir go Baile Átha Cliath go luath sa bhliain nua ina raibh síocháin á tairiscint aige ach ar na téarmaí a socraíodh ag Droim Cria (i 1563, a thabharfadh iarlacht agus ardtiarnas i gCúige Uladh dó).

(Foinse: sliocht, agus é curtha in eagar, as *Shane O'Neill* le Ciarán Brady, 1996).

## ROINN 2: ÉIRE

**Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*

**Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494 – 1558**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh ionad ceannasach in Éirinn ag Gearóid Mór, 8ú hIarla Chill Dara, anuas go dtí a bhás i 1513? (100)
2. Cé chomh mór agus a tharla athrú creidimh in Éirinn le linn réimeas Anraí VIII agus Éadbhard VI? (100)
3. Cé chomh maith agus a d'éirigh le polasaithe polaitíochta agus creidimh na Banríona Máire Túdar in Éirinn, 1553 – 1558? (100)
4. Cad iad na saintréithe a bhain le mná agus leis an bpósadh agus/nó le scoileanna na mBard in Éirinn na nGael? (100)

*Éire: Topaic 3*

**An Ríocht in aghaidh na coilíneachta – an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603 - 1660**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén t-ionchur a bhí ag Sir Arthur Chichester i gcúrsaí na hÉireann? (100)
2. Cé chomh mór agus a bhí tionscnaimh Thomas Wentworth in Éirinn mar chúis lena thriail agus lena chur chun báis i 1641? (100)
3. Cad iad na príomhimeachtaí agus na príomhcheisteanna a bhain leis an bpáirt a ghlac Cromail i gcúrsaí na hÉireann? (100)
4. Cén t-ionchur a bhí ag Lováin agus/nó ag coláistí Éireannacha eile thar lear sa Fhrith-Reifirméisean in Éirinn? (100)

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660 – 1715**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Maidir leis na polasaithe a chleacht Séarlas II in Éirinn, cén fáth nár shásaigh siad na Caitlicigh ná na Protastúnaigh? (100)
2. Na Péindlíthe a cuireadh i bhfeidhm i gcoinne na gCaitliceach sna 1690-idí agus go luath sna 1700-idí, cad é an tionchar a bhí acu? (100)
3. Cén fáth ar fhorbair trádáil na hÉireann i rith na tréimhse 1660–1715 in ainneoin na srianta oifigiúla? (100)
4. Cad é an tábhacht chultúrtha agus pholaitíochta a bhain leis na filí Seacaibíteacha? (100)

*Éire: Topaic 5*

**An Choilíneacht in aghaidh na ríochta – teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a tháinig muintir Ponsonby chun tosaigh i rith na tréimhse 1715 - 1770? (100)
2. Conas a rinne an Déan Swift agus/nó Séarlas Lucas iarracht leasú polaitíochta a thabhairt i gcrích in Éirinn? (100)
3. Sa tréimhse 1715 - 1770, cad iad na príomhshlite ina ndeachaigh geilleagar na hÉireann chun cinn agus cad iad na príomhshlite ina ndeachaigh sé ar gcúl? (100)
4. Cad é an t-eolas ar Éirinn lena linn a thugann triail agus bású an Athar Ó Síthigh dúinn? (100)

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770 – 1815**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór agus a bhí Parlaimint Grattan ina parlaimint ionadaíoch do mhuintir na hÉireann? (100)
2. Cad é an tionchar ar Éirinn a bhí ag bunú Choláiste Mhaigh Nuad agus/nó an Oird Oráistigh i 1795? (100)
3. Cad é an tionchar a bhí ag Réabhlóid na Fraince ar Éirinn? (100)
4. Cén fáth ar fhás Béal Feirste agus cad é an tábhacht a bhain lena fhás anuas go dtí 1815? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

**Freagair ceist amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú thíos.**

*An Eoraip: Topaic 1*

### An Eoraip ón Renaissance go dtí an Reifirméisean, 1492 – 1567

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad é an tábhacht do Shasana agus don Eoraip a bhain le colscaradh Anraí VIII agus Caitríona Aragon? (100)
2. Cén t-ionchur a bhí ag Desiderius Erasmus sa Renaissance agus sa Reifirméisean? (100)
3. Cad iad na saintréithe a bhain leis an nGinéiv le linn do Chailvín a bheith ann agus conas a d'éirigh leis an gCailvíneachas a bheith ina ghluaiseacht idirnáisiúnta? (100)
4. Cé chomh maith agus a d'éirigh le Séarlas V an Protastúnachas a chur faoi chois agus/nó crosáid a threorú in aghaidh na dTurcach? (100)

*An Eoraip: Topaic 2*

### Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht i ndeireadh an séú haois déag, 1567 – 1609

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad é an tábhacht don Spáinn agus don Eoraip a bhain le briseadh Armáid na Spáinne? (100)
2. Cad iad na cúiseanna a bhí leis na Cogaí faoi Chreideamh sa Fhrainc agus cén fáth ar mhair siad chomh fada sin? (100)
3. Maidir le Comhairle Thrionta agus/nó le misean na nÍosánach go dtí an tSín, cad iad na haidhmeanna a bhí aige agus cad a d'éirigh leis a thabhairt i gcrích? (100)
4. I rith na tréimhse 1567-1609, cé chomh tábhachtach agus a bhí forbairtí sa phriontáil agus i litríocht an phobail agus/nó sa réalteolaíocht? (100)

*An Eoraip: Topaic 3*

### Éiclips na Sean-Eorpa, 1609 – 1660

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na rudaí a rinne an Cairdinéal Richelieu chun a chinntiú go mbeadh an monarc ina mháistir ar an Eaglais agus ar an Stát sa Fhrainc? (100)
2. Cén t-ionchur a bhí ag Albrecht Von Wallenstein, mar shaighdiúir agus mar thaidhleoir, sa Chogadh Tríocha Bliain? (100)
3. Cad é an tionchar a bhí ag Impireacht na hOllainne san Áis ar Chúigí Aontaithe na hOllainne agus ar an gcuid eile den Eoraip? (100)
4. Cad é an tábhacht a bhain leis an gcaidreamh idir dhaoine i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Galileo agus an tIonchoisne; an Phápacht agus na hÍosánaigh; Anglacánaigh agus Piúratánaigh i Sasana? (100)

*An Eoraip: Topaic 4*

## An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660 – 1715

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fhianaise is féidir leat a thabhairt i bhfabhar nó i gcoinne na tuairime go raibh réimeas Louis XIV go hiontach le féachaint air ach go bunúsach go tubaisteach don Fhrainc? (100)
2. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag John Sobieski agus cad a d'éirigh leis a cur i gcrích? (100)
3. I rith na tréimhse, 1660–1715, cé chomh tábhachtach agus a bhí an bhaincéireacht agus forbairt mhargadh an airgid agus/nó Comhlacht na nIndiacha Thoir (na Breataine)? (100)
4. I rith na tréimhse, 1660 – 1715, cén t-ionchur a bhí ag duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas i bhforbairt na heolaíochta: Isaac Newton; Gottfried Wilhelm Leibnitz; Sébastien le Prestre de Vauban? (100)

*An Eoraip: Topaic 5*

## Impireachtaí á mbunú, 1715 – 1775

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar thosaigh coilínigh Mheiriceá réabhlóid in aghaidh riail na Breataine agus cad é an freagra a bhí ag an mBreatain ar an réabhlóid? (100)
2. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Caitríona Mhór na Rúise agus cad a d'éirigh léi a cur i gcrích? (100)
3. Cén tslí ar eagraíodh plandálacha na sclábhaithe sna hIndiacha Thiar agus cén chaoi ar chuidigh siad leis an trádáil idirnáisiúnta? (100)
4. Cén chaoi ar chuidigh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas le scaipeadh idéanna: an t-úrscéal; an nuachtán; an seomra caidrimh (salon); leathnú na litearthachta; an Encyclopédie? (100)

*An Eoraip: Topaic 6*

## Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775 – 1815

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Maidir leis an dearcadh gur tharraing Louis XVI agus a Bhanríon Marie Antoinette droch-chríoch orthu féin, cén fhianaise i bhfabhar an dearcaidh sin nó ina choinne is féidir leat a chur ar fáil? (100)
2. Cén tslí inar chuidigh Coiste na Slándála Poiblí le goimh a bheith ag dreamanna áirithe dá chéile sa Fhrainc? (100)
3. Cén fhoirm a bhí ag an bhfrithsheasamh in aghaidh Napoléon i dtíortha lasmuigh den Fhrainc? (100)
4. Cén tslí ar chuir ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas le fadhb na bochtaineachta: fás na mbailte tionsclaíochta; tionchar cogaí; fás an daonra? (100)

Leathanach Bán